



An Bhruiséil, 16 Bealtaine 2019
(OR. en)

9201/19

DEVGEN 103
ACP 58
RELEX 488
FIN 350
OCDE 4

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	16 Bealtaine 2019
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	9080/19
Ábhar:	Tuarascáil Bhliantúil 2019 don Chomhairle Eorpach maidir le Spriocanna an Aontais Eorpaigh i réimse na Cabhrach um Fhorbairt - Conclúidí ón gComhairle (16 Bealtaine 2019)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Bhliantúil 2019 chuig an gComhairle Eorpach maidir le spriocanna an Aontais Eorpaigh i réimse na cabhrach um fhorbairt, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3690ú cruinniú a tionóladh ar an 16 Bealtaine 2019.

**Tuarascáil Bhliantúil 2019 don Chomhairle Eorpach maidir le Spriocanna
an Aontais Eorpaigh i réimse na Cabhrach um Fhorbairt**

Conclúidí ón gComhairle

1. Meabhraíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa (AAAA) 2015, ar dlúthchuid é de Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus a sholáthraíonn creat domhanda do mhaoiniú d'fhorbairt inbhuanaithe. Leagtar amach ann múnla nua chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach trí gach sreabhadh airgeadais a úsáid go héifeachtach mar aon le modhanna cur chun feidhme neamhairgeadais, agus béim á leagan ar ghníomhaíocht intíre agus ar bheartais fhónta.
2. Agus maoiniú ag éirí níos casta i gcónaí, aithníonn an Chomhairle ról ríthábhachtach an chúnamh oifigiúil forbartha (ODA) chun na SDGanna a bhaint amach. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gné thábhachtach, chatalaíoch é cúnamh oifigiúil um fhorbairt sa mhaoiniú foriomlán atá ar fáil do thíortha i mbéal forbartha. Is féidir le cúnamh oifigiúil um fhorbairt bheith ina chabhair chun modhanna eile cur chun feidhme a ghíaráil, go háirithe maoiniú intíre poiblí agus infheistíocht na hearnála príobháidí, ach an eolaíocht, an teicneolaíocht agus an nuáil freisin.
3. Is freagairt é an Comhdhearcaidh Eorpach maidir le Forbairt, a glacadh i mí an Mheithimh 2017, ar Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus ar AAAA, a glacadh in 2015 chomh maith le Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide. Daingnítear leis an gcomhdhearcaidh gealltanais an Aontais agus na mBallstát maidir le maoiniú na forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear ODA.
4. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle ar an 17 Meitheamh 2010 tuarascáil bhliantúil a chur i dtoll a chéile maidir le gealltanais agus comhlíonadh an Aontais agus na mBallstát i leith cúnamh oifigiúil um fhorbairt¹. Seo an naoú tuarascáil dá chineál a chuirfear faoi bhráid na Comhairle Eorpaí.

¹ Féach an Iarscríbhinn le haghaidh na ngealltanais maidir le ODA.

5. Is díol sásaimh don Chomhairle an anailís a rinne an Coimisiún ar threochtaí i ndáil le gealltanais chomhpháirteacha agus aonair an Aontais i dtaca le cúnamh oifigiúil um fhorbairt, bunaithe ar réamh-fhaisnéis ó OECD/DAC maidir le ODA don bhliain 2018².
6. Aithníonn an Chomhairle cé gur beag é an cúnamh oifigiúil um fhorbairt, ó thaobh cainníochta de, do na tíortha atá i mbéal forbartha ina n-iomláine, is foinse mhór airgeadais é le haghaidh na dtíortha is boichte, na tíortha is lú forbairt (LDCanna) agus sna tíortha i ndálaí leochaileacha nó a bhfuil coinbhleacht iontu, nach bhfuil an acmhainn intíre acu teacht ar mhaoiniú ó fhoinsí eile.
7. Agus an méid thuas á thabhairt ar aird, is mian leis an gComhairle na gnéithe a leanas a thuairisciú don Chomhairle Eorpach:
 - a) Choimeád an tAontas gona Bhallstáit a seasamh mar an soláthróir cúnaimh oifigiúil um fhorbairt is mó ar domhan (féach Léaráid 1), ar fiú beagnach 57% den chúnamh oifigiúil um fhorbairt iomlán an méid a thugann siad as measc comhaltaí Choiste Cúnaimh Forbartha (DAC) na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OCED) do thíortha i mbéal forbartha.

² http://europa.eu/rapid/press-release_IP-19-2075_en.htm

- b) In 2018, bhí ODA comhchoiteann ón Aontas³ ag EUR 74.4 billiún⁴. Agus úsáid á baint as modheolaíocht OECD-DAC, laghdaíodh é go EUR 731 mhilliún⁵ i dtéarmaí ainmniúla, i gcomparáid le 2017.
- c) Is ionann ODA comhchoiteann an Aontais agus 0.47% d' ollioncam náisiúnta (OIN)⁶ an Aontais⁷. Anuraidh, agus úsáid á baint as an modheolaíocht OECD-DAC a bhí ann roimhe seo, is 0.5% a bhí mar chóimheas⁸.

³ Is ionann cúnamh oifigiúil um fhorbairt comhchoiteann an Aontais agus cúnamh oifigiúil um fhorbairt ó Bhallstáit an Aontais agus an chuid den chúnamh oifigiúil um fhorbairt a chuireann institiúidí an Aontais ar fáil nach bhfuil inleagtha ar Bhallstáit. Inleagtar an chuid is mó de chaiteachas institiúidí an Aontais ar chúnamh oifigiúil um fhorbairt ar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, i.e. áirítear cuid de chaiteachas na n-institiúidí ar shonraí na mBallstát. Ní inleagtar cúnamh oifigiúil um fhorbairt a chuirtear ar fáil trí acmhainní an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (EIB) féin ar Bhallstáit agus tá sé sa bhreis ar cúnamh oifigiúil um fhorbairt na mBallstát.

⁴ Ar bhonn coibhéis deontas. Leis an "modh coibhéise deontais" nua a úsáideann OECD-DAC, tuairisceofar coibhéis deontais na n-iasachtaí, arna ríomh ar bhonn iarrachta an deontóra. Sanntar céatadán ar gach iasacht lamháltais faoin modheolaíocht ar bhonn roinnt paraiméadar (riosca mainneachtana arna thomhas *ex-ante* ag brath ar ghrúpa ioncaim na tíre is tairbhí, saolré na hiasachta, ráta úis, tréimhse chairde). Cuirfear an céatadán sin i bhfeidhm ar mhéid na hiasachta chun an "choibhéis deontais" a ríomh, i.e. "sciar síntiúis" na n-iasachtaí, a thaifeadfar anois i staidreamh OECD-DAC. Cuireann an córas nua feabhas ar thuairisciú iasachtaí ODA agus fágann sé gur féidir na hiarrachtaí a dhéanann deontóirí iasachtaí a sholáthar ag brath ar a leibhéil lamháltais a chur san áireamh, eadhon, an leibhéal tairbhe don iasachtóir i gcomparáid le hiasacht ar ráta an mhargaidh. Féach iarscríbhinn 2.

⁵ Arna ríomh ar bhonn sreabhadh. San am a chuaigh thart, d'úsáid OECD-DAC "modh ar bhonn sreabhadh". Taifeadadh an sreabhadh airgid iarbhir idir deontóir agus tír is faighteoir agus taifeadadh iasacht ar "luach ainmniúil" mar ODA ach rinneadh aisíocaíochtaí ó thíortha ina dhiaidh sin a dhealú mar ODA diúltach, ionas go raibh suim glan ODA nialasach ann, ach amháin i gcás mainneachtana. Ní ríomhtar athshreabhadh leis an modheolaíocht nua. Níl figiúirí "coibhéise deontais" ODA inchomparáide leis an tsraith stairiúil ar bhonn sreabhadh, mar sin úsáidtear an modh ar bhonn sreabhadh anseo fós ar mhaithe le treochtaí a chur i gcomparáid lena chéile thar thréimhse ama.

⁶ Is éard é ollioncam náisiúnta an Aontais suim OIN gach Ballstáit.

⁷ Ar bhonn coibhéis deontas.

⁸ Thit cóimheas OIN/ODA an Aontais idir 2017 agus 2018 mar thoradh ar íslíú in ODA an Aontais ar phraghsanna 2017 agus ar ardú in OIN an Aontais (gurb ionann é agus 0.02 pointe céatadáin) agus ar an athrú a tháinig ar mhodheolaíocht OECD maidir le hiasachtaí ODA a thuairisciú (gurb ionann é agus 0.01 pointe céatadáin).

- d) Is airde i gcónaí cóimheas ODA/OIN an Aontais, ag 0.47%, ná an meán do chomhaltaí DAC neamh-Aontais, a bhí ag 0.21% OIN in 2018.
- e) Sháraigh ceithre Bhallstát de chuid an Aontais an tairseach 0.7% ODA/OIN (Féach Léaráid 2 agus Tábla 1). In 4 Bhallstát de chuid an Aontais chuaigh cóimheas ODA/OIN suas, in 12 Bhallstát d'fhan sé mar a bhí sé⁹, agus thit sé in 11 Bhallstát¹⁰.
- f) Tháinig méadú 4% ar ODA comhchoiteann an Aontais, caiteachas ar dhídeanaithe sna tíortha bronnatacha as an áireamh, ag ardú ó EUR 66.2 billiún in 2017 go dtí EUR 68.8 billiún in 2018¹¹. Mar sin féin, tháinig laghdú 32% ar leibhéal an chaiteachais ar dhídeanaithe sna tíortha bronnatacha¹² a thuairiscigh Ballstáit an Aontais mar ODA (EUR 3.3 billiún). Léiríonn an laghdú sin gur mhaolaigh géarchéim na ndídeanaithe de réir a chéile agus gur lú líon na ndídeanaithe atá ag teacht isteach. Ba ionann caiteachas ar dhídeanaithe sna tíortha bronnatacha agus 9% ODA iomlán in 2018 i comparáid le meán de 14% don tréimhse 2015-2017.
8. Tá inní mhór ar an gComhairle faoin treocht diúltach in ODA comhchoiteann an Aontais, a thit don dara bliain as a chéile, agus is oth léi go bhfuil an bhearna ag méadú i ndáil leis an sprioc chomhchoiteann 0.7% OIN a sholáthar mar ODA.

⁹ Tagraíonn an nath "d'fhan mar a bhí sé" do chóimheasa ODA le OIN a ndearnadh athrú is lú ná 0.01 pointe céatadáin orthu .

¹⁰ Ó thaobh na Cipire de, ní féidir ráiteas a dhéanamh mar ní dhearna sí a figiúirí ODA a thuairisciú do OECD-DAC.

¹¹ Arna ríomh ar bhonn sreabhadh.

¹² Ní féidir caiteachas ar dhídeanaithe sna tíortha bronnatacha a thuairisciú ach amháin mar ODA i gcomhréir le rialacha OECD-DAC. Níl ach roinnt costais incháilithe mar ODA, e.g. bia, dídean, oiliúint le linn na chéad 12 mhí de thréimhse fanachta an dídeanaí sa tír óstach.

9. Is cúis mhór imní don Chomhairle é nár bhain an tAontas amach go fóill a sprioc chomhchoiteann 0.15% - 0.20% OIN a sholáthar do na tíortha is lú forbairt sa ghearrthéarma¹³ ach is díol sásaimh di go feabhas beag in ODA do LDCanna, a chuaigh suas go 0.12% OIN in 2017¹⁴ (féach Tábla 2) tar éis trí bliana marbhántachta ag 0.11% OIN. Mar sin féin, athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá borradh a chur faoi iarrachtaí an sprioc chomhchoiteann a bhaint amach, sé sin, 0.20% OIN a sholáthar mar ODA do LDCanna faoi 2030.
10. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a ceannaireacht agus a tiomantas polaitiúil maidir le cabhair um fhorbairt, agus meabhraíonn sí gealltanais aonair agus comhchoiteanna ODA an Aontais agus na mBallstát, mar a leagtar síos sa Comhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt. Tathantaíonn an Chomhairle ar an Aontas gona Bhallstáit gníomhaíochtaí nithiúla infhíoraithe a dhéanamh d'fhonn na gealltanais sin a chur i gcrích agus leanfaidh siad d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn. Leanfaidh an Chomhairle de thuairisciú a dhéanamh ar bhonn bliantúil chun trédhearcacht agus cuntasacht a éascú. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá iarrachtaí breise a dhéanamh chun an sprioc chomhchoiteann a bhaint amach 0.7% OIN a sholáthar mar ODA faoi 2030, go háirithe i bhfianaise na treochta laghdaithí in ODA agus ó tharla go bhfuil laghdú eile intuatha i gcaiteachas ar dhídeanaithe sna tíortha bronnata. Cuireann an Chomhairle i dtreis go gcaithfidh buiséad an Aontais a bheith uailmhianach go leor chun rannchuidiú le gealltanais chomhchoiteanna ODA a chomhlíonadh.
11. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht staideanna agus ar dhúshláin shonracha tíortha a théann ó stádas ísealioncaim go stádas meánioncaim. I gcomhréir leis an gComhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt, glacfaidh an tAontas agus na Ballstáit páirt i gcomhar um fhorbairt, idirphlé beartais agus comhpháirtíochtaí le dtíortha meánioncaim maidir le forbairt inbhuanaithe, díothú na bochtaineachta, éagothromaíochtaí ioncaim, agus leasanna comhroinnte eile. I gcás tíortha i mbéal forbartha atá céim chun tosaigh i dtreo na forbartha a dteastaíonn níos lú cineálacha lamháltais cúnamh uathu nó nach dteastaíonn cúnamh ar bith uathu, meabhraíonn an Chomhairle go bhforbróidh an tAontas gona Bhallstáit rannpháirtíocht nuálach, lena n-áirítear comhar airgeadais agus níos mó ná sin.

¹³ Tá an tAontas gona Bhallstáit tiomanta ODA an Aontais gurb ionann é agus méid idir 0.15% agus 0.20% a thabhairt ar bhonn comhchoiteann do na tíortha is lú forbairt (LDCanna) sa ghearrthéarma faoi 2030 (Comhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt 2017).

¹⁴ Is í 2017 an bhliain is déanaí a bhfuil sonraí iomlána ar fáil di. In 2017, sháraigh ceithre Bhallstát de chuid an Aontais sprioc 2020 de 0.15% ODA/OIN chuig na tíortha is lú forbairt, féach Tábla 2.

12. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún bearta a chur chun cinn agus tionscnaimh, a bhfuil na Ballstáit páirteach iontu de réir mar is iomchuí, a sheoladh chun maoiniú inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 maidir le Forbairt Inbhuanaithe agus SDGanna a shaothrú, agus cuidiú le gealltanais ODA a bhaint amach. I dtaca leis an méid sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar LDCanna. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún tuairisciú go tráthrialta agus na Ballstáit a thabhairt suas chun dáta maidir leis na bearta agus tionscnaimh sin.
13. Ós amhlaidh atá ó thaobh beartas forbartha de, aithníonn an Chomhairle na dúshláin ar leith a bhíonn ag tíortha i mbéal forbartha san Afraic, agus i ndáil leis sin, leagann sé béim ar an tábhacht a bhaineann le cúnamh oifigiúil forbartha a dhíriú ar an mór-roinn sin, ag cloí go hiomlán, ag an am céanna, le tosaíochtaí na mBallstát aonair maidir le cúnamh forbartha.
14. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas maidir leis na prionsabail don fhorbairt éifeachtach a comhaontaíodh i gcomhthéacs Chomhpháirtíocht Busan maidir le Comhar um Fhorbairt Éifeachtach. Tá na prionsabail sin bunriachtanach maidir le spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach agus ba cheart go mbeidís mar thaca ag gach cineál comhair um fhorbairt. Is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí comhchoiteanna a rinneadh agus an méid a baineadh amach maidir le clársceidealú comhpháirteach an Aontais agus na mBallstát agus iarrann sí go nglacfaidh an tAontas gona Bhallstáit páirt níos mó in éifeachtacht na forbartha agus go n-oibreoidís le chéile ar bhealach níos fearr agus níos mó úsáide á baint acu as clársceidealú comhpháirteach, cur chun feidhme comhpháirteach agus creataí torthaí comhpháirteacha. Cuireann an Chomhairle in iúl an athuair go mba cheart acmhainní ar fad an chomhair um fhorbairt a úsáid go héifeachtach agus go héifeachtúil, ar aon dul le prionsabail éifeachtacht na forbartha.
15. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá gach foinse mhaoiniúcháin ar a dtugtar aghaidh in AAAA (poiblí/príobháideach, intíre/idirnáisiúnta) agus leagann sí béim ar thús áite don ghníomhaíocht intíre, ar a thábhachtaí atá beartais fhóna chumasúcháin, chomh maith le freagrachtaí do na geallsealbhóirí uile, lena n-áirítear an earnáil príobháideach. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá cur chuige cuimsitheach, comhtháite chun tacú le tíortha i mbéal forbartha chun maoiniúchán agus bealaí eile cur chun feidhme a shlógadh. Iarrann an Chomhairle ar an Aontas gona Bhallstáit measúnú a dhéanamh ar bhealaí chun feabhas a chur ar sholáthar cabhrach atá oiriúnaithe don chomhthéacs áitiúil, agus chun an tairbhe is fearr a bhaint as tionchar an chomhair don fhorbairt, lena n-áirítear tríd an rogha modúlachtaí cabhrach.

16. Tá an Chomhairle ag súil go leanfar leis an obair leis na Náisiúin Aontaithe, le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais agus le baine forbartha iltaobhacha agus déthaobhacha d'fhonn Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa a chur chun feidhme agus sásraí a fhorbairt le faireachán a dhéanamh ar thionchar an chláir oibre agus le measúnú a dhéanamh ar na torthaí. I ndáil leis an méid sin, tugann an Chomhairle dá haire toradh an Fhórait maidir le Maoiniú don Fhorbairt (FfD) a thionóil Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac ar an 15-18 Aibreán 2019.
17. Is díol sásaimh don Chomhairle an tagairt, sa doiciméad maidir le torthaí Fhóram FfD, do chreataí maoiniúcháin náisiúnta comhtháite mar thacaíocht do straitéisí forbartha inbhuanaithe faoi úinéireacht náisiúnta, a bhfuil mar aidhm acu réimse fairsing foinsí agus ionstraimí maoiniúcháin a shlógadh agus a ailíniú le Clár Oibre 2030 agus úsáid a bhaint as gach modh cur chun feidhme.
18. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá cur chuige cuimsitheach, comhtháite maidir le tacaíocht d'fhorbairt inbhuanaithe na dtíortha i mbéal forbartha agus iarrann sí go gcuirfear leis an obair ar leibhéal tíre idir an tAontas gona Bhallstáit agus gach geallsealbhóir ábhartha idirnáisiúnta agus náisiúnta sa mhéid a bhaineann le SDGanna agus, go háirithe, lena maoiniú.
19. I dtaca leis sin, tugann an Chomhairle dá haire agus is díol spéise di an dul chun cinn maidir le beart staidrimh nua a fhorbairt do thacaíocht oifigiúil iomlán le haghaidh na forbartha inbhuanaithe (TOSSD) trí phléití oscailte, cuimsitheacha trédhearcacha sa tascfhórsa idirnáisiúnta, lena n-áirítear bailchríoch a chur ar threoracha maidir le tuairisciú a bhaineann le sreabhadh trasteorann. Tá an Chomhairle ag súil le réamhthorthaí an chéad suirbhé ar shonraí ó OECD agus iarrann sí go ndéanfaí tuilleadh dul chun cinn chun bailchríoch a chur ar threoracha maidir le tuairisciú don bheart staidrimh nua ina iomláine, lena n-áirítear caiteachas domhanda agus réigiúnach - earraí poiblí, dúshlán dhomhanda agus cumasóirí forbartha. Agus ról ODA á urramú, cuireann an Chomhairle i dtreis go gcabhróidh an tacaíocht oifigiúil iomlán le haghaidh na forbartha inbhuanaithe le trédhearcacht agus eolas faoi acmhainní a chuireann le cur chun feidhme Chláir Oibre 2030 a thomhas agus a fheabhsú, lena n-áirítear maidir le tíortha i mbéal forbartha. Má tá TOSSD le hiomlán a acmhainneachta a bhaint amach, ní mór soláthraithe atá ag teacht chun cinn a bheith páirteach agus TOSSD a bheith daingnithe laistigh de na Náisiúin Aontaithe.

IARSCRÍBHINN 1

Gealltanais agus Spriocanna reatha chúnamh oifigiúil um fhorbairt an Aontais Eorpaigh

(Conclúidí ón gComhairle, an 26 Bealtaine 2015 (9241/15, mír 32-33))

(...) Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta an sprioc 0.7% ODA/OIN a bhaint amach laistigh den am a leagtar síos sa chlár oibre iar-2015. Athdhearbhaíonn Ballstáit sin an Aontais a bhí ina mBallstáit roimh 2002 go bhfuil siad tiomanta don sprioc 0.7% ODA/OIN a bhaint amach, agus na himthosca buiséadacha á gcur san áireamh, agus tá na Ballstáit a bhain an sprioc sin amach tiomanta don sprioc a choimeád nó do leibhéal níos airde a bhaint amach; na Ballstáit a tháinig isteach san Aontas tar éis 2002, déanfaidh siad gach iarracht a ODA/OIN a mhéadú go 0.33%.

Ba cheart go gcuideodh an pobal idirnáisiúnta le hacmhainní a dhíriú ar na háiteanna sin is mó a bhfuil gá leo iontu, go háirithe na tíortha is lú forbairt agus tíortha leochaileacha agus tíortha a bhfuil coinbhleacht iontu. I gcomhthéacs an ghealltanais iomláin maidir le cúnamh oifigiúil um fhorbairt, agus ag cloí go hiomlán le tosaíochtaí na mBallstát aonair maidir le cúnamh forbartha, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé meáite tacaíocht a thabhairt do na tíortha is lú forbairt. Gabhann an tAontas Eorpach air féin, go comhpháirteach, an sprioc 0.15 - 0.20 % ODA/OIN a bhaint amach i gcás na dtíortha is lú forbairt sa ghearrthéarma, agus an sprioc maidir le 0.20 % OIN a bhaint amach i gcás na dtíortha is lú forbairt laistigh den am a leagtar síos sa chlár oibre iar-2015.'

**An Comhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt 'Ár Saol, Ár nDínit, Ár dTodhchaí'"
(Ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún Eorpach, an 7 Meitheamh 2017, mír 103.)**

Tá sé geallta ag an Aontas ina iomláine go ndéanfaidh sé 0.7% OIN a chur ar fáil mar chúnamh oifigiúil um fhorbairt laistigh de thráthchlár Chlár Oibre 2030. Ionas go ndíreofar acmhainní ar na háiteanna is mó a bhfuil gá leo, go háirithe na tíortha is lú forbairt, tíortha leochaileacha agus tíortha a bhfuil coinbhleacht iontu, geallann an tAontas ina iomláine go mbainfidh sé amach an sprioc go gcuirfear 0.15 – 0.20% ODA/OIN ar fáil do thíortha atá i mbéal forbartha, go gearrthéarmach, agus go mbainfidh sé amach an sprioc go gcuirfear 0.20% ODA/OIN ar fáil laistigh de thráthchlár Chlár Oibre 2030. Aithníonn an tAontas gona Bhallstáit na dúshlán ar leith a bhíonn le sárú ag na tíortha atá i mbéal forbartha san Afraic. (...) Leanfaidh siad d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun agus cuirfidh siad tuarascáil ar fáil go bliantúil lena gceadófar trédhearcacht agus cuntasacht phoiblí.

**Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa (a d'fhormhuinigh an Comhthionól Ginearálta
i rún 69/313 uaidh ar an 27 Iúil 2015, mír 51-52)**

(...) Athdhearbhaíonn soláthraithe ODA a ngealltanais ODA faoi seach, lena n-áirítear an gealltanais a rinne go leor tíortha chun an sprioc 0.7% ODA/OIN, agus 0.15% go 0.20% ODA/OIN do na tíortha is lú forbairt, a bhaint amach. Is cúis dóchais dúinn iad na tíortha sin ar éirigh leo a ngealltanais 0.7% ODA/OIN agus an sprioc 0.15% go 0.20% ODA/OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach nó a sháru. Spreagaimid gach tír eile dlús a chur lena n-iarrachtaí a ODA a mhéadú agus iarrachtaí breise nithiúla a dhéanamh chun spriocanna ODA a bhaint amach. Is díol sásaimh dúinn an cinneadh ón Aontas Eorpach a athdhearbhaíonn a ghealltanais comhchoiteann an sprioc 0.7% ODA/OIN a bhaint amach laistigh de thréimhse ama chlár oibre iar-2015, agus geallann sé an sprioc 0.15% go 0.20% ODA/OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach ar bhonn comhchoiteann sa ghearrthéarma, agus an sprioc 0.20% ODA/OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach laistigh de thréimhse ama chlár oibre iar-2015. Spreagaimid soláthraithe ODA machnamh a dhéanamh ar sprioc a leagan síos ar a laghad 0.20% ODA/OIN a thabhairt do thíortha is lú forbairt.

Aithnímid a thábhachtaí atá sé na hacmhainní lamháltais a dhíriú orthu siúd is mó i ngátar agus is lú in ann acmhainní eile a shlógadh. Ina leith sin tugaimid dár n-aire agus is cúis inní dúinn é an laghdú i sciar ODA do na tíortha is lú forbairt agus geallaimid an laghdú sin a chur ina cheart. Is díol spreagtha dúinn na tíortha sin a leithdháileann ar a laghad 50% dá ODA ar na tíortha is lú forbairt.

Modheolaíocht nua OECD chun iasachtaí a chur san áireamh i sonraí oifigiúil um chúnamh

In 2014 chinn comhaltaí Choiste Cúnaimh Forbartha (DAC) OECD tuairisciú iasachtaí lamháltais a nuachóiriú trí mheasúnú a dhéanamh ar a lamháltas bunaithe ar rátaí lascaine idirdhealaithe ar bhonn grúpa ioncaim, agus córas coibhéise deontais a thabhairt isteach chun figiúirí ODA a ríomh. In ionad an tsreafa airgid idir tír is deontóir agus tír is faighteoir a thaifeadadh, chomhaontaigh comhaltaí DAC go mbunófaí an príomhfhiigiúir do chúnamh oifigiúil um fhorbairt (ODA) ar choibhéisí deontais na n-iasachtaí cúnaimh, i.e. sciar síntiúis na n-iasachtaí, arna sloinneadh mar luach airgeadaíochta¹. Thabharfadh an mhodheolaíocht coibhéise deontais sin comparáid níos réadúla ar an iarracht a bhaineann le deontais agus iasachtaí a sholáthar agus spreagfadh sí soláthar deontas agus iasachtaí ard-lamháltais (nó iasachtaí boga), go háirithe do thíortha íseal-ioncaim.

In 2016, chinn comhaltaí DAC beart coibhéise deontais a chur i bhfeidhm i ndáil le hionstraimí nach mbaineann le deontais, amhail cothromais agus ionstraimí na hearnála príobháidí (PSIanna) ionas gurbh fhearr a léireofaí iarracht an deontóra a bhaineann leis sin. Cé gur chomhaontaigh comhaltaí DAC maidir le modheolaíocht chun coibhéis deontais iasachtaí oifigiúil agus iasachtaí d'institiúidí iltaobhacha a chomhaireamh, ní mór dóibh fós teacht ar chomhaontú maidir leis an dóigh chun coibhéisí deontais ODA a ríomh i dtaca le cothromais, PSI agus faoiseamh fiachais. Go dtí go dtiocfar ar chomhaontú, chinn comhaltaí DAC socruithe sealadacha tuairiscithe maidir le PSIanna ina bhféadfaí ranníocaíochtaí d'institiúidí airgeadais forbartha (DFIanna) agus feithiclí PSI eile a chomhaireamh ar luach ainmniúil (ag baint úsáid as cur chuige institiúideach), nó iasachtaí agus cothromais a tugadh go díreach chuig eintitis na hearnála príobháidí ar bhonn sreabhadh airgid (ag baint úsáid as cur chuige ionstraime)², agus fáltas ó cothromais a dhíol a uasteorannú ag luach na hinfeistíochta bunaidh. Leanfaidh comhaltaí DAC ag obair le tacaíocht ó Rúnaíocht OECD in 2019 chun teacht ar chomhaontú, agus chun tuairisciú PSIanna agus faoisimh fiachais a chur ar aon dul leis an modh nua coibhéise deontais.

¹ Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach: www.oecd.org/dac/financing-sustainable-development/development-financestandards/official-development-assistance.htm.

² Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach: [https://one.oecd.org/document/DCD/DAC/STAT\(2018\)9/ADD3/FINAL/en/pdf](https://one.oecd.org/document/DCD/DAC/STAT(2018)9/ADD3/FINAL/en/pdf)

Tiocfaidh an t-athrú sin i modheolaíocht ODA i bhfeidhm in 2019 nuair a fhoilseofar réamhfhaisnéis maidir le ODA don bhliain 2018.


Níl na príomhfhigiúirí nua ODA "coibhéise deontais" inchomparáide a thuilleadh leis an tsraith stairiúil "ar bhonn airgead tirim". Ar bhonn airgead tirim, tá glansreabhadh caipitil thar shaolré iasachta cothrom le nialas mar asbhainfear aisiocaíochtaí an bhunairgid nuair a dhéanfar iad; ní chuirtear íocaíochtaí úis san áireamh³. Faoin modh coibhéise deontais, cuirfear íocaíochtaí an bhunairgid agus íocaíochtaí úis san áireamh, ach déanfar iad a lascainiú go dtí an luach atá acu in airgid an lae inniu.

Chun bheith iomlán trédhearcach, leanfaidh OECD de shonraí ODA a fhoilsiú ar bhonn airgead tirim, ach ní mar phríomhfhigiúir ODA, chun feidhmíocht deontóirí a thomhas mar mhéid nó mar chéatadán den ollioncam náisiúnta (OIN).

NB: Sna graif agus san léaráidí seo a leanas, mura sonrúfar a mhalairt, tagraíonn na sonraí ar ODA glan ar bhonn sreabhadh a úsáidfear ar mhaithe le treochtaí thar thréimhse ama a chur i gcomparáid lena chéile.


³ Eascraíonn beart dá ngairtear "glan-aistrithe" mar thoradh ar íocaíochtaí úis a asbhaint.

Léaráid 1.1 – ODA comhchoiteann an Aontais mar % OIN i gcomparáid le soláthraithe DAC neamh-Aontais thar thréimhse ama (ar bhonn sreabhadh)




Léaráid 1.2 – ODA comhchoiteann an Aontais i gcomparáid le soláthraithe DAC neamh-Aontais in 2018 (mar choibhéis deontais)

2018 ODA Grant Equivalent (EUR billion)



Léaráid 2 – An bhearna idir leibhéil ODA 2018 agus spriocanna aonair comhaontaithe na 28 mBallstát agus treo an athraithe ó 2017 go 2018



Ní mheasfar ach dearbh-athruithe 0.01% pointí céatadáin ar a laghad mar mhéadú ná laghdú. Cuireadh an mhodheolaíocht sin i bhfeidhm go comhsheasmhach thar thréimhse ama agus is é is aidhm di nach measfar mion-eagsúlachtaí mar mhéadú ná laghdú. Tá Ballstáit a raibh méadú beag nó laghdú beag iontu i measc na dtíortha a mheastar a bheith cobhsaí.

Tábla 1 – ODA comhchoiteann Bhallstáit an Aontais (glan) sa tréimhse 2010-2018

Ballstát	2010		2011		2012		2013		2014		2015		2016		2017		2018 (sreabhadh)		2018 (coibhéis deontais)	
	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN
An Ostair	912	0.32	799	0.27	860	0.28	882	0.27	930	0.28	1,193	0.35	1,479	0.42	1,110	0.30	995	0.26	998	0.26
An Bheilg	2,268	0.64	2,019	0.54	1,801	0.47	1,732	0.45	1,845	0.46	1,717	0.42	2,080	0.55	1,948	0.45	2,000	0.44	1,943	0.43
An Bhulgáir	31	0.09	35	0.09	31	0.08	37	0.10	37	0.09	37	0.09	61	0.13	55	0.11	58	0.11	58	0.11
An Chróit	-	-	15	0.03	15	0.03	32	0.07	54	0.12	46	0.09	37	0.07	48	0.10	47	0.10	47	0.10
An Chipir	39	0.23	27	0.16	20	0.12	15	0.10	15	0.10	16	0.09	-	-	-	-	-	-	-	-
Poblacht na Seice	172	0.13	180	0.12	171	0.12	159	0.11	160	0.11	179	0.12	235	0.14	270	0.15	273	0.14	273	0.14
An Danmhairg	2,168	0.91	2,108	0.85	2,095	0.83	2,205	0.85	2,264	0.86	2,313	0.85	2,142	0.75	2,172	0.74	2,175	0.71	2,187	0.72
An Eastóin	14	0.10	17	0.11	18	0.11	23	0.13	28	0.14	31	0.15	39	0.19	38	0.16	41	0.16	41	0.16
An Fhionlainn	1,006	0.55	1,011	0.53	1,027	0.53	1,081	0.54	1,232	0.59	1,161	0.55	958	0.44	961	0.42	832	0.36	832	0.36

Ballstát	2010		2011		2012		2013		2014		2015		2016		2017		2018 (sreabhadh)		2018 (coibhéis deontais)	
	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN
An Fhrainc	9,751	0.50	9,348	0.46	9,358	0.45	8,543	0.41	8,005	0.37	8,149	0.37	8,701	0.38	10,052	0.43	10,591	0.44	10,295	0.43
An Ghearmáin	9,804	0.39	10,136	0.39	10,067	0.37	10,717	0.38	12,486	0.42	16,173	0.52	22,368	0.70	22,182	0.67	21,926	0.63	21,162	0.61
An Ghréig	383	0.17	305	0.15	255	0.13	180	0.10	186	0.11	215	0.12	333	0.19	278	0.16	239	0.13	239	0.13
An Ungáir	86	0.09	100	0.11	92	0.10	97	0.10	109	0.11	140	0.13	180	0.17	132	0.11	161	0.14	161	0.14
Éire	676	0.52	657	0.51	629	0.47	637	0.46	615	0.38	648	0.32	726	0.32	743	0.32	786	0.31	786	0.31
An Iodáil	2,262	0.15	3,111	0.20	2,129	0.14	2,566	0.17	3,022	0.19	3,610	0.22	4,601	0.27	5,197	0.30	4,150	0.23	4,239	0.24
An Laitvia	12	0.06	14	0.07	16	0.08	18	0.08	19	0.08	21	0.09	27	0.11	28	0.11	29	0.10	29	0.10
An Liotuáin	28	0.10	37	0.13	40	0.13	38	0.11	34	0.10	43	0.14	52	0.14	53	0.13	50	0.11	50	0.11
Lucsamburg	304	1.05	294	0.97	310	1.00	323	1.00	319	1.06	327	0.95	354	1.00	376	1.00	401	0.98	401	0.98
Málta	10	0.18	14	0.25	14	0.23	14	0.20	15	0.20	15	0.17	19	0.20	22	0.21	26	0.23	26	0.23

Ballstát	2010		2011		2012		2013		2014		2015		2016		2017		2018 (sreabhadh)		2018 (coibhéis deontais)	
	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN
An Ísiltír	4,800	0.81	4,563	0.75	4,297	0.71	4,094	0.67	4,200	0.64	5,162	0.75	4,491	0.65	4,399	0.60	4,757	0.61	4,757	0.61
An Pholainn	285	0.08	300	0.08	328	0.09	355	0.10	341	0.09	397	0.10	600	0.15	603	0.13	638	0.13	646	0.14
An Phortaingéil	490	0.29	509	0.31	452	0.28	368	0.23	324	0.19	278	0.16	310	0.17	338	0.18	289	0.15	330	0.17
An Rómáin	86	0.07	118	0.09	111	0.08	101	0.07	162	0.11	143	0.09	243	0.15	195	0.11	213	0.11	213	0.11
Poblacht na Slóvaice	56	0.09	62	0.09	62	0.09	65	0.09	63	0.09	77	0.10	96	0.12	106	0.13	113	0.13	113	0.13
An tSlóivéin	44	0.13	45	0.13	45	0.13	46	0.13	46	0.12	57	0.15	74	0.19	67	0.16	71	0.16	71	0.16
An Spáinn	4,492	0.43	3,001	0.29	1,585	0.16	1,789	0.17	1,415	0.13	1,259	0.12	3,868	0.35	2,271	0.19	2,186	0.18	2,434	0.20
An tSualainn	3,423	0.97	4,030	1.02	4,077	0.97	4,389	1.01	4,698	1.09	6,391	1.41	4,425	0.94	4,935	1.02	4,949	1.04	4,950	1.04
An Ríocht Aontaithe	9,855	0.57	9,948	0.56	10,808	0.56	13,498	0.71	14,551	0.70	16,718	0.70	16,325	0.70	16,060	0.70	16,478	0.70	16,434	0.70

Ballstát	2010		2011		2012		2013		2014		2015		2016		2017		2018 (sreabhadh)		2018 (coibhéis deontais)	
	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN	EUR Milliún	% OIN
AE15 Iomlán	52,594	0.46	51,840	0.44	49,749	0.42	53,003	0.44	56,091	0.44	65,314	0.49	73,162	0.54	73,022	0.52	72,756	0.50	71,988	0.50
AE13 Iomlán	863	0.09	965	0.10	964	0.10	1,000	0.10	1,083	0.10	1,203	0.11	1,662	0.14	1,616	0.13	1,720	0.13	1,728	0.13
AE28 Iomlán	53,457	0.44	52,805	0.42	50,713	0.39	54,004	0.41	57,174	0.41	66,516	0.46	74,825	0.51	74,638	0.49	74,476	0.47	73,716	0.47
Cúnamh oifigiúil um fhorbairt Institiúidí an Aontais nach n-inleagtar ar Bhallstáit AE	3,183	0.03	3,453	0.03	4,544	0.04	2,873	0.02	2,139	0.02	1,372	0.01	2,737	0.02	1,926	0.01	1,356	0.01	727	0.00
ODA comhchoiteann an Aontais	56,640	0.46	56,258	0.45	55,257	0.43	56,877	0.43	59,313	0.43	67,888	0.47	77,562	0.53	76,563	0.50	75,832	0.48	74,443	0.47

Tábla 2: ODA Bhallstáit an Aontais do na Tíortha is Lú Forbairt (Glan) 2015-2017

Ballstát	2015		2016		2017	
	ODA do na tíortha is lú forbairt (EUR Milliúin)	Cóimheas ODA/OIN na dtíortha is lú forbairt (% OIN)	ODA do na tíortha is lú forbairt (EUR Milliúin)	Cóimheas ODA/OIN na dtíortha is lú forbairt (% OIN)	ODA do na tíortha is lú forbairt (EUR Milliúin)	Cóimheas ODA/OIN na dtíortha is lú forbairt (% OIN)
An Ostair	200.4	0.06	226.3	0.06	260.0	0.07
An Bheilg	549.5	0.13	576.5	0.14	572.3	0.13
An Bhulgáir	7.6	0.02	13.6	0.03	11.2	0.02
An Chróit	6.4	0.01	7.5	0.02	8.6	0.02
An Chipir	3.6	0.02				
Poblacht na Seice	37.1	0.02	49.9	0.03	57.9	0.03
An Danmhairg	549.5	0.20	589.7	0.21	634.4	0.22
An Eastóin	5.3	0.03	6.3	0.03	5.8	0.03
An Fhionlainn	386.9	0.18	292.2	0.13	289.0	0.13
An Fhrainc	2,142.9	0.10	1,901.9	0.08	2,442.7	0.10
An Ghearmáin	2,339.9	0.08	3,239.3	0.10	3,620.3	0.11
An Ghréig	34.3	0.02	42.7	0.02	50.6	0.03
An Ungáir	23.4	0.02	36.2	0.03	25.6	0.02
Éire	310.7	0.15	324.5	0.14	314.6	0.13
An Iodáil	784.6	0.05	886.9	0.05	1,031.1	0.06
An Laitvia	4.2	0.02	5.4	0.02	5.4	0.02

Ballstát	2015		2016		2017	
	ODA do na tíortha is lú forbairt (EUR Milliúin)	Cóimheas ODA/OIN na dtíortha is lú forbairt (% OIN)	ODA do na tíortha is lú forbairt (EUR Milliúin)	Cóimheas ODA/OIN na dtíortha is lú forbairt (% OIN)	ODA do na tíortha is lú forbairt (EUR Milliúin)	Cóimheas ODA/OIN na dtíortha is lú forbairt (% OIN)
An Liotuáin	8.2	0.02	9.3	0.03	9.6	0.02
Lucsamburg	138.8	0.40	148.6	0.42	157.9	0.42
Málta	1.9	0.02	0.9	0.01	3.2	0.03
An Ísiltír	934.4	0.14	1,071.3	0.15	908.8	0.12
An Pholainn	112.8	0.03	166.2	0.04	100.9	0.02
An Phortaingéil	81.1	0.05	90.1	0.05	109.8	0.06
An Rómáin	27.8	0.02	35.4	0.02	37.5	0.02
Poblacht na Slóvaice	16.7	0.02	17.1	0.02	19.9	0.02
An tSlóivéin	8.6	0.02	12.0	0.03	11.3	0.03
An Spáinn	279.7	0.03	500.9	0.04	521.9	0.04
An tSualainn	1,328.1	0.29	1,271.1	0.27	1,480.5	0.31
An Ríocht Aontaithe	5,514.7	0.23	5,087.0	0.22	5,363.5	0.23
ODA IOMLÁN ó AE 28 do na tíortha is lú forbairt	15,838.8	0.11	16,609.1	0.11	18,054.0	0.12